Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2025
(OR. en)

8938/25
PV CONS 22
ECOFIN 542
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

13 Bealtaine 2025

**1. Glacadh an chláir oibre** **8360/1/25 REV 1**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 8360/1/25 REV 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**(a) Liosta neamhreachtach** **8364/25**

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

## Plé reachtach
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Treoir maidir le Rialacha CBL maidir le ciandíolacháin earraí a allmhairíodh agus CBL allmhairiúcháin** S C **8569/25 + ADD 1** **8570/25**
***Cur chuige ginearálta***

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thriú críocha nó ó thriú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc.

**4. Aon ghnó eile** **7701/25**
**Tograí reachtacha reatha maidir le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear i bhfianaise an ghá atá ann an t-ualach rialála a laghdú**
***Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil faoin obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

5. Iomaíochas, simpliú agus feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó san Eoraip: Aontas Coigiltis agus Infheistíochta 7670/25
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

6. Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) C
*Díospóireacht bheartais*

7. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin[2]
*Seisiún tuairimíochta*

8. Obair leantach ar chruinniú Airí Airgeadais G20 agus Gobharnóirí Bainc Cheannais an 23–24 Aibreán 2024 agus ar chruinnithe an earraigh CAI — SN 8397/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

9. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip — [C] 8053/25 + ADD 1, 8054/25 + ADD 1, 8055/25 + ADD 1, 8132/25 + ADD 1
Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta
(Bunús dlí: Airteagal 20, Rialachán (AE) 2021/241)
*Glacadh*

10. Aon ghnó eile — 7700/25 + ADD 1
An staid mar atá maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta le haghaidh seirbhísí airgeadais
*Faisnéis ón gCoimisiún*

---

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---

[2] I láthair *Stockholm Institute of Transition Economics* (SITE) [Institiúid Stócólm um Eacnamaíocht Idirlinne]

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'B' a leagtar amach in 8360/1/25 REV 1**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Treoir maidir le Rialacha CBL maidir le ciandíolacháin earraí a allmhairíodh agus CBL allmhairiúcháin**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Tá an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE, atá mar chuid den phacáiste chun cód custaim an Aontais a athchóiriú, á roinnt chun teacht ar chomhaontú, a luaithe is féidir, i ndáil leis an gcuid den togra darb aidhm IOSS a dhreasú. Tabharfaidh sin treoir don duine atá faoi dhliteanas i leith CBL tráth an allmhairithe agus i leith úsáid IOSS agus, dá bhrí sin, cuirfear bonn cobhsaí dlíthiúil agus praiticiúil ar fáil, faoinar féidir leanúint den chaibidlíocht ar athchóiriú custaim.

Agus an dlúthnasc idir na heilimintí eile den togra seo maidir le CBL agus an t-athchóiriú custaim á chur san áireamh, leanfaidh an Chomhairle leis an obair ar na gnéithe eile sin de CBL, lena n-áirítear deireadh a chur leis an tairseach EUR 150 chun an sásra de chuid an Ionaid Ilfhreastail Allmhairiúcháin a úsáid agus an fhéidearthacht an sainmhíniú ar 'ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha' a leathnú sa chaoi is go gcuimseofaí soláthairtí earraí ó thrádstórais chustaim áirithe san Aontas faoi, d'fhonn teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir.

Ag an am céanna, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna teicniúla/oibríochtúla atá fós gan réiteach a shainaithin na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme an tsásra dreasachta IOSS. Baineann sé sin go háirithe leis an idirghníomhaíocht phraiticiúil idir CBL agus nósanna imeachta custaim.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar na hábhair sin a shoiléiriú agus a réiteach in am trátha trí bhearta cur chun feidhme, treoir nó ionstraimí dlíthiúla iomchuí.'